



---

*Suí iomlánach*

---

31.7.2018

cor01

## CEARTÚCHÁN

Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 327, 9.12.2017, lch. 20))

(seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 25 Deireadh Fómhair 2017 d'fhonn go nglacfaí an rialachán thuasluaite P8\_TA(2017)0411 (COM(2016)0194 – C8-0135/2016 – 2016/0106(COD)))

---

I gcomhréir le Riail 231 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa, déantar an Rialachán thuasluaite a cheartú mar a leanas:

Ar leathanach 25, in aithris (32), sa seachtú habairt:

*in ionad:*

"maidir leis [...] agus nach bhfuil cárta cónaithe de bhun Threoir 2004/38/CE aige, is iomchuí [...].";

*léitear:*

"maidir leo [...] agus nach bhfuil cárta cónaithe de bhun Threoir 2004/38/CE ná cead cónaithe de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle <sup>(3)</sup> ina seilbh acu, is iomchuí [...]."

---

(<sup>3</sup>) Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 ag leagan síos formáid chomhionann le haghaidh ceadanna cónaithe do náisiúnaigh thríú tíortha (IO L 157, 15.6.2002, lch. 1).".

Ar leathanach 30, i bpointe (f) d'Airteagal 2(3):

*in ionad:*

"... sealbhóirí pas arna eisiúint ag Stát Chathair na Vatacáine;"

*léitear:*

"... sealbhóirí pas arna eisiúint ag Stát Chathair na Vatacáine nó ag an Suí Naofa;"

Ar leathanach 40, i bpointe (d) sa chéad fhomhír d'Airteagal 16(2):

*in ionad:*

"(d) ... uimhir greamáin na víosa gearrfhanachta [...] agus an dáta a rachaidh bailíocht na víosa gearrfhanachta in éag, i gcás inarb infheidhme;"

*léitear:*

"(d) i gcás inarb infheidhme, uimhir greamáin na víosa gearrfhanachta [...] agus an dáta a rachaidh bailíocht na víosa gearrfhanachta in éag;"

Ar leathanach 52, sa chéad abairt den dara fomhír d'Airteagal 35(6):

*in ionad:*

"[...] nó i gcás ina bhfuil ag an náisiúnach tríú tír sin pas arna eisiúint ag Stát Chathair na Vatacáine, cuirfidh an náisiúnach an t-athrú sin in iúl [...].";

*léitear:*

"[...] nó i gcás ina bhfuil ag an náisiúnach tríú tír sin pas arna eisiúint ag Stát Chathair na Vatacáine nó ag an Suí Naofa, cuirfidh an náisiúnach an t-athrú sin in iúl [...].".